
# TABHAIR FAOIN STAIDÉAR AGUS TABHAIR DO CHÚL LE hIMNÍ AIRGID

Féach ar **www.studentfinance.ie** le haghaidh tuilleadh eolais

## CÉARD É AN CISTE CÚNAIMH DO MHIC LÉINN?

Cuireann an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** tacaíocht airgid ar fáil do **mhic léinn lán-aimseartha nó páirt-aimseartha** a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar institiúidí ardoideachais. (CNC leibhéal 6-10).



## CONAS IS FÉIDIR LIOM ÚSÁID A BHAINT AS?

Cuirtear an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** ar fáil chun cabhair a thabhairt le costais amhail:

- LEABHAIR NÓ ÁBHAR RANGA
- CÍOS AGUS BILLÍ FÓNTAIS EILE
- BIA
- COSTAIS TAISTIL
- COSTAIS CÚRAIM LEANAÍ
- COSTAIS LEIGHIS

Spreagtar mic léinn pháirtaimseartha atá ina dtuismitheoirí aonair iarratas a dhéanamh mar go bhfuil cistiú breise curtha ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don ghrúpa sin.

## CONAS IS FÉIDIR LIOM IARRATAS A DHÉANAMH?

Má tá tú i gcruachás airgeadais, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig seirbhísí rochtana nó le hoifig seirbhísí na mac léinn i d'institiúid ardoideachais chun tuilleadh eolais a fháil faoin gCiste Cúnaimh do Mhic Léin.

Tá an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn á bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Déanann na hinstitiúidí ardoideachais an próiseas iarratais a bhainistiú. Déan teagmháil le d'institiúid féin má tá aon cheist agat maidir leis an bpróiseas iarratais.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

HEA
An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority